Curaclam
Thuaisceart Éireann

AN SAOL LE BLIANTA BEAGA ANUAS

Eochairchéim: 1/2 Blianta: 4/5

Na hEalaíona

- athruithe thar na blianta;
- málaí do charachtar áirithe;
- stíleanna ceoil na 1940í, 1950í, 1960í;
- ceolta tíre, suantraithe, rainn do pháistí.

Forbairt Phearsanta & Comhthuiscint

- cuimhneamh ar imeachtaí tábhachtacha agus speisialta;
- cuimhní pearsanta.

An Domhan Thart Orainn

- áit ;
- idirspleáchas;
- athrú le ham.

Corpoideachas

- freagairt don cheol;
- damhsaí simplí a fhorbairt agus a ghníomhú;
- gluaiseachtaí a mheasúnú;
- an gaol idir gníomhaíochtaí coirp agus an da-shláinte.

FÓCAS

Fiosraíonn na páistí agus cuireann i gcomparáid agus i gcodarsnacht stíleanna maireachtála inniu agus le blianta beaga anuas. Tríd an SFN seo scrúdaíonn páistí gnéithe éagsúla den athrú agus na rudaí is cúis leis.

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT** 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning

AR ATHRAIGH CEOL THAR NA BLIANTA?

Rúin Molta Foghlama

- A thuiscint go bhfuil stíleanna difriúla ceoil ann.
- A thuiscint go bhfreagraíonn daoine don cheol ar dhóigheanna éagsúla.
- Cuid d'uraiceacht an cheoil a thuiscint.
- Bheith in ann cur le gníomhú.

Gníomhaíochtaí Molta

Éist leo agus pléigh stíleanna éagsúla ceoil ó na 1940í go dtí an lá inniu. Dírigh ar ré amháin agus cuir i gcomparáid leis an cheol inniu í. D'fhéadfadh siad seo bheith san áireamh:

- 1940í: Ceol an Chogaidh
- 1950í: Cláir raidió, Buddy Holly, Elvis Presley, Rac is Roll
- 1960í: 'Beatle Mania'
- 1970í: Bay City Rollers, Slade, The Osmonds
- 1980í: New Age 'Romantics', Adam Ant
- 1990í: Teicnícheol, Digiteach, Sintéiseoir

Éist leo agus ceol amhráin mhóréilimh ag léiriú an dóigh ar athraigh stíleanna ceoil le blianta beaga anuas.

Cuir i gcomparáid agus i gcodarsnacht an ceol a fuarthas ar scoil san am a chuaigh thart agus an ceol i scoileanna an lae inniu.

Éist leo agus ceol amhráin mhóréilimh ón am a d'imigh, ag amharc ar na liricí, an rithim, an tuinairde, an tondath agus an mhothú. Cuir i gcomparáid le hamhráin mhóréilimh an lae inniu iad.

Éist le hamhráin de chuid na Beatles. Cén dóigh a ndeachaigh a gcuid ceoil i bhfeidhm ar dhaoine an t-am sin? Faigh amach an mbíonn tionchar den chineál sin ag grúpaí ar dhaoine sa lá atá inniu ann.

AR ATHRAIGH NA GNÁTHRUDAÍ I bhFÍRINNE LE hIMEACHT AMA?

Rúin Molta Foghlama

- Úsáid teicnící tarraingthe le freagairt dá bhfeiceann siad.
- Bheith eolach ar réimse teicnící suntasacha.
- Fios a bheith acu go bhfuil cineálacha éagsúla fabraice oiriúnach do chuspóirí éagsúla.
- Fios a bheith acu do dtig fabraici agus snáitheanna a úsáid le híomhánna a chruthú agus a mhaisiú.

Gníomhaíochtaí Molta

Bailigh eolas faoi fhaisean nó faoi mhálaí spóirt ó na 1940í, 50í, 60í, trí agallamh a chur ar bhaill níos sine den phobal, agus samplaí ar bith a bheadh acu a thaispeáint, ag rochtain suíomh oiriúnach idirlín, leabhar agus irisí tagartha.

Pléigh ábhair a úsáidtear i ndéanamh agus i maisiú málaí ón am a d'imigh.

Cuir suas taispeántas de mhálaí an lae inniu, málaí láimhe nó málaí spóirt, le foirm, feidhm agus maisiú a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le samplaí níos sine. Breathnaigh agus cuir síos ar na comhpháirteanna istigh sa mhála agus ar an mhaisiú ar an taobh amuigh. Úsáid an t-eolas seo le peannphictiúr gairid a scríobh faoi úinéir an mhála.

Pléigh agus mol smaointe faoin dóigh a dtiocfadh málaí a dhearadh le freastal ar riachtanais pearsantachtaí clúiteacha, mar shampla, theastódh fairsinge ó David Beckhanm dá bhróga peile.

Labhair ar réimse carachtar agus ar a gcuid riachtanas ar leith. Achoimrigh smaointe do dhearadh mhála an charachtair a roghnaíodh, ag breacadh nótaí ar ábhair fhéideartha agus mhaisiúcháin a theastódh. Roghnaigh réimse ábhar oiriúnach leis an mhála a dhéanamh. Oiriúnaigh an taobh istigh agus an taobh amuigh le freastal ar riachtanais na pearsantachta clúití. Maisigh an obair le dathanna, uigeachtaí agus patrúin oiriúnacha. Taispeáin agus pléigh a ndearthaí féin agus cuid daoine eile - cad é chomh cosúil nó chomh difriúil atá na málaí críochnaithe i gcomparáid leis an bhunphlean? Mínigh fáth na n-athruithe.

Curaclam
Thuaisceart Éireann

An Saol Le Blianta Beaga Anuas



Eochairchéim: 1/2 Blianta: 4/5

Na hEalaíona

- athruithe thar na blianta;
- málaí do charachtar áirithe;
- stíleanna ceoil na 1940í, 1950í, 1960í;
- ceolta tíre, suantraithe, rainn do pháistí.

Forbairt Phearsanta & Comhthuiscint

- cuimhneamh ar imeachtaí tábhachtacha agus speisialta;
- cuimhní pearsanta.

An Domhan Thart Orainn

- áit ;
- idirspleáchas;
- athrú le ham.

Corpoideachas

- freagairt don cheol;
- damhsaí simplí a fhorbairt agus a ghníomhú;
- gluaiseachtaí a mheasúnú;
- an gaol idir gníomhaíochtaí coirp agus an dea-shláinte.

FÓCAS

Fiosraíonn na páistí agus cuireann i gcomparáid agus i gcodarsnacht stíleanna maireachtála inniu agus le bianta beaga anuas. Tríd an SFN seo scrúdaíonn páistí gnéithe éagsúla den athrú agus na rudaí is cúis leis.

COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning

FÓCAS AR CHUIMHNÍ

Rúin Molta Foghlama

- An dóigh ar chuir imeachtaí speisialta roimhe seo lena bhforbairt phearsanta a aithint.
- Fios a bheith acu go dtig le himeachtaí tionchar a imirt ar mhothuithe agus ar mhothúcháin.
- an tábhacht atá le caidrimh a thuiscint.

Gníomhaíochtaí Molta

Labhair faoi na hamanna is mó a bhfuil cuimhne agat orthu, lena n-áirítear a bhfuil de chuimhne agat ar bheith i do leanbh, do thachrán nó tosú ar scoil.

Tabhair isteach grianghraif díot féin. Pléigh na laethanta is sona, is greannmhaire nó is brónaí is cuimhin leat agus an uair ba mhó d'iontas, d'fhearg, do dhíomá nó d'éad. Scan na grianghraif agus úsáid TFC le leabhair aonair, leabhar ranga nó cairt bhalla a dhearadh agus a chruthú lena thaispeáint agus leis na cuimhní a roinnt.

Sa bhaile, iarr ar bhaill den teaghlach a n-eispéiris phearsanta a roinnt, na rudaí is mó is cuimhin leo faoi do bhreith, amanna sona, greannmhara agus brónacha. Taifead agus láithrigh iad seo ag úsáid físeáin dhigitigh, téipthaifeadáin nó grianghraif scanta agus cuir i láthair an ranga.

Labhair faoi na daoine a bhfuil aithne agat orthu le fada, na daoine a roinnfeadh cuimhní leat agus daoine nár casadh i do líonra cairde go dtí le déanaí.

AN gCUIMHNÍMID AR IMEACHTAÍ SPEISIALTA?

Rúin Molta Foghlama

- An tábhacht atá le ceiliúradh imeachtaí ón am a chuaigh thart a aithint.
- A thuiscint gur gá cuimhneamh ar imeachtaí speisialta.
- A aithint go bhfuil dóigheanna ann le cuimhneamh.

Gníomhaíochtaí Molta

Smaoinigh ar imeachtaí speisialta (mar amanna tábhachtacha i dteaghlach a cheiliúraimid gach bliain, breithlaethanta agus comórthaí pósta) agus imeachtaí eile sa stair a chomóirtear gach bliain (mar an Nollaig, Hanukkah, breithlá Mhahamaid, Fáidh). Pléigh na dóigheanna a gceiliúrtar agus a gcomóirtear na himeachtaí sa phobal áitiúil.

Faigh amach cad é mar a chuimhníonn gaolta níos sine ar imeachtaí a bhí suntasach ina saol. Déan cnuasach de na dóigheanna 'inbhraite' ar cheilúradh imeachtaí, mar shampla, pictiúir de leachtanna nó de chuimhneacháin chomórtha agus pléigh a suntas.

Curaclam
Thuaisceart Éireann

An Saol Le Blianta Beaga Anuas

Eochairchéim: 1/2 Blianta: 4/5

Na hEalaíona

- athruithe thar na blianta;
- málaí do charachtar áirithe;
- stíleanna ceoil na 1940í, 1950í, 1960í;
- ceolta tíre, suantraithe, rainn do pháistí.

Forbairt Phearsanta & Comhthuiscint

- cuimhneamh ar imeachtaí tábhachtacha agus speisialta;
- cuimhní pearsanta.

An Domhan Thart Orainn

- áit ;
- idirspleáchas;
- athrú le ham.

Corpoideachas

- freagairt don cheol;
- damhsaí simplí a fhorbairt agus a ghníomhú;
- gluaiseachtaí a mheasúnú;
- an gaol idir gníomhaíochtaí coirp agus an dea-shláinte.

FÓCAS

Fiosraíonn na páistí agus cuireann i gcomparáid agus i gcodarsnacht stíleanna maireachtála inniu agus le bianta beaga anuas. Tríd an SFN seo scrúdaíonn páistí gnéithe éagsúla den athrú agus na rudaí is cúis leis.

CREAT DON STAIDÉAR ÁITIÚIL

ATÓGÁIL	SEO Í DO BHEATHA
Aimsigh achar de thalamh fásaigh áit a mbíodh foirgneamh, nó áit ar tógadh foirgneamh úr in ionad seanfhoirgnimh. • Tabhair cuairt ar shuíomh agus lorg fianaise ar fhoirgneamh roimhe seo, mar shampla: - fuíollábhair nó ballóg sheanfhoirgnimh. - ballaí teorann a rinneadh de sheanábhair thógála. - fianaise ar sheangharraí nó phlandaí, chrainn agus thoir a saothraíodh. • Déan ransú intinne leis an rang ar dhóigheanna a n-éireodh leo a fháil amach cad é a bhí ar an suíomh roimhe seo, mar shampla: - fianaise bhéil: fiafraí de bhaill níos sine den phobal. • Plean agus cuir agallamh ar bhaill níos sine den phobal arbh fhéidir go mbeadh cuimhne acu ar an fhoirgneamh. • Ag úsáid na fianaise go dtí seo, déan iarracht pictiúr den seanfhoirgneamh a tharraingt. • Cuir i gcomparáid le léirmhínithe comhpháirtithe agus le fianaise ar bith phictiúrtha atá ar fáil. - Tig leis na hagallaithe fosta tuairimí a nochtadh ar chruinneas líníochtaí na bpáistí. • Athchruthaigh samhlacha den fhoirgneamh. • Déan sreabhchairt nó scéal ag míniú an dóigh ar lorgadh an foirgneamh a fhad le 'hatógáil'.	Is féidir saol foirgnimh áitiúil, mar shampla, banc, siopa nó eaglais a lorg. Is fearr foirgneamh a roghnú a úsáideadh i gcomhair roinnt feidhmeanna. • Roghnaigh foirgneamh agus pléigh a chuspóir agus a áit sa bhaile. • Cuardaigh fianaise a thabharfadh le tuiscint gur seanfhoirgneamh é. An bhfuil aon leid ann a mhaífeadh go mbíodh úsáidí leis roimhe seo? • Dearbhaigh fianaise le go dtiocfadh scéal 'Seo Í Do Bheatha' a scríobh faoin fhoirgneamh. - Fianaise bhéil: socraigh cé atá le cur faoi agallamh, cad atá le hagallamh agus cá huair a chuirfear agallamh orthu. - Scrúdaigh fianaise ar bith phictiúrtha atá ar fáil, mar shampla, seanchártaí poist den bhaile. - Pictiúir as nuachtáin. - Grianghraif. • Ullmhaigh leabhar gearrthóg a rianaíonn an foirgneamh óna thús go dtí an lá inniu (ná bí buartha faoi bhearnaí, fág spásanna, is féidir go dtiocfaidh eolas chun solais níos moille anonn). • B'fhéidir nár mhiste cuidiú a iarraidh ar úinéirí reatha an fhoirgnimh nó ar Chumann Staire na háite. Is dócha go mbeadh spéis acusan fosta sa táirge deiridh.
Is é an chéim dheiridh i gceann ar bith de na staidéir seo 'taisceadán todhchaí' a chruthú ina mbeidh na torthaí uile. Tig seo a chur i dtalamh nó a bhronnadh ar leabharlann nó ar chumann staire.	

COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk ⊕ www.ccea.org.uk
Rewarding Learning



BAILE AG FÁS

Rúin Molta Foghlama

- An dóigh a n-imríonn éilimh thomhaltóirí tionchar ar an tionscal a aithint.
- An tábhacht atá le húsáid fianaise a thuiscint.
- Bheith eolach ar an dóigh le léarscáil a úsáid.

Gníomhaíochtaí Molta

Úsáid foinsí traidisiúnta agus/nó digiteacha, mar 'Designer' le plean ón aer den bhaile, leis na heochairphointí tábhachtacha, a chruthú.

Úsáid 'Roamer' nó bogearraí TFC mar 'Blackcat Logo' le seoladh timpeall sraith phointí suntais. Aithin suíomh rudaí ar an phlean ag úsáid comhordanáidi eangaí.

Amharc ar léarscáileanna Suirbhéireachta Ordanáis an cheantair áitiúil ón am a d'imigh. Dírigh ar na rudaí a d'athraigh thar am le léarscáil reatha Shuirbhéireachta Ordanáis. Bailigh eolas faoi athruithe sa cheantar áitiúil trí thriall sráide a dhéanamh. Aithin an t-athrú ó fhoirgnimh a bhain le tionscal traidisiúnta go tionscal an lae inniu, mar shampla, talamh feirme a bhfuil ollmhargaí anois air. Pléigh cúiseanna an athraithe seo.

Tabhair cuairt ar Shráid na 20ú hAoise luath ag Daonpháirc Uladh Mheiriceá nó Iarsmalann Daonchultúir Uladh ag Cúil Trá. Tabhair cuairt ar iarsmalann a bhreathnú rudaí áitiúla le 100 bliain anuas.

Cuir troscán sráide inniu i gcomparáid le cuid an ama a d'imigh agus cuir na torthaí i láthair go grafach. Dear troscán sráide don todhchaí.

Úsáid an t-eolas a bailíodh agus bogearraí TFC le bróisiúr taistil/bileog ag cur an bhaile chun tosaigh a tháirgeadh.

Féach creat i gcomhair staidéar áitiúil ar chúl an leabhráin seo ('Atógáil', 'Seo í Do Bheatha').

ARÁN NA BEATHA

Rúin Molta Foghlama

- An gaol idir leanúnachas agus athrú a aithint.
- Bheith feasach don gheilleagar dhomhanda.
- Difríochtaí follasacha idir an t-am a chuaigh thart agus anois a aithint.
- An tábhacht atá le taifeadadh cuí a thuiscint.
- Bheith eolach ar na dóigheanna taifeadta is oiriúnaí.
- Bheith eolach ar na hathruithe a tharlaíonn i gcuid ábhar nuair a théitear agus nuair a fhuaraítear iad.

Gníomhaíochtaí Molta

Faigh amach ó bhaill níos sine den phobal na cineálacha aráin a itheadh san am a chuaigh thart. Déan liosta de na cineálacha aráin a itear sa bhaile inniu agus cuir i gcomparáid iad leo sin san am a d'imigh.

Glac páirt i seisiúin déanta aráin thraidisiúnta i dtimpeallacht réadúil ag Daonpháirc Uladh Mheiriceá. Tabhair cuairt ar theach stairiúil go bhfeicfidh tú cistin mar a bhíodh blianta beaga ó shin.

Tabhair cuairt ar ollmhargadh áitiúil lena fháil amach faoi éagsúlacht na gcineálacha aráin atá ar fáil. Aimsigh a mbunúis ar léarscáil an domhain. Roghnaigh ceann de na tíortha agus cuir i gcomparáid lenár dtír féin í.

Glac páirt i seisiún blaiste aráin agus déan suirbhé na gcineálacha is fearr le daoine. Taifead agus cuir na torthaí i láthair.

Lean aistear an aráin ó shíol go seilf.

Roghnaigh oideas agus déan roinnt aráin, mar shampla, arán sóide nó scónaí. Taifead athruithe ar bith a tharlaíonn, mar, éifeacht an teasa le linn bácála. Úsáid bogearraí TFC le bileog threoracha do dhéanamh aráin a chruthú.

MOTARBHEALAÍ VS AIBHNEACHA

Rúin Molta Foghlama

- A thuiscint gur athraigh modhanna taistil le himeacht ama.

Gníomhaíochtaí Molta

Déan dianscrúdú ar na ceisteanna a leanas, 'Cén rud é Lochlannach agus cá has ar tháinig sé?', 'Cá háit in Éirinn ar lonnaigh siad?', 'Cad chuige?', 'Cén dóigh ar thaistil na Lochlannaigh?', 'Cén dóigh a dtaistealaíonn Lochlannaigh an lae inniu?', 'Cén chuma a bhí ar longa na Lochlannach?', 'Cén fhoinse chumhachta a d'úsáid siad?', 'Cad é a d'iompair siad?', 'Cad chuige ar thóg Lochlannaigh cloigthithe?'. Cuir taisteal in aimsir na Lochlannach i gcomparáid le taisteal inniu. Smaoinigh ar an dóigh a n-imríonn taisteal an lae inniu tionchar ar an áit a gcónaímid. Déan dianscrúdú ar an réimse modhanna a úsáideann daoine le taisteal thar achair fhada.

Dear agus déan long Lochlannach. Úsáid an tIdirlíon le tuilleadh eolais a fháil, mar shampla, suíomh Roskilde, áit a bhfuil seanlonga Lochlannacha á gcaomhnú. Spreag ceisteanna faoi na báid agus smaoinigh ar dhóigheanna leis na ceisteanna a fhreagairt.

Curaclam
Thuaisceart Éireann

An Saol Le Blianta Beaga Anuas

Eochairchéim: 1/2 Blianta: 4/5

Na hEalaíona

- athruithe thar na blianta;
- málaí do charachtar áirithe;
- stíleanna ceoil na 1940í, 1950í, 1960í;
- ceolta tíre, suantraithe, rainn do pháistí.

Forbairt Phearsanta & Comhthuiscint

- cuimhneamh ar imeachtaí tábhachtacha agus speisialta;
- cuimhní pearsanta.

An Domhan Thart Orainn

- áit ;
- idirspleáchas;
- athrú le ham.

Corpoideachas

- freagairt don cheol;
- damhsaí simplí a fhorbairt agus a ghníomhú;
- gluaiseachtaí a mheasúnú;
- an gaol idir gníomhaíochtaí coirp agus an dea-shláinte.

FÓCAS

Fiosraíonn na páistí agus cuireann i gcomparáid agus i gcodarsnacht stíleanna maireachtála inniu agus le bianta beaga anuas. Tríd an SFN seo scrúdaíonn páistí gnéithe éagsúla den athrú agus na rudaí is cúis leis.

COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk www.ccea.org.uk
Rewarding Learning



CEOL AGUS GLUAISEACHT Ó NA LAETHANTA A BHÍ

Rúin Molta Foghlama

- Bheith in ann freagairt don cheol ag úsáid éagsúlacht ghníomhartha agus ghluaiseachtaí coirp.
- Bheith in ann cur le gníomhú damhsa shimplí.
- An dóigh a dtig le ceol agus damhsa cuidiú le smaointe, taghdanna agus mothuithe a chur in iúl a thuiscint.
- Bheith eolach ar an dóigh lena ngluaiseachtaí féin agus cuid daoine eile a mheasúnú agus a fheabhsú.
- An gaol idir gníomhaíochtaí coirp agus an dea-shláinte a thuiscint.

Gníomhaíochtaí Molta

Úsáid réimse spreagthach le damhsaí agus smaointe gluaiseachta ón am a d'imigh a chruthú agus a ghníomhú, mar shampla:

1940í
Ceol ó Chogadh Domhanda a Dó - 'In The Mood' le Glen Miller, 'Boogie Woogie Bugle Boy' le The Andrew Sisters.
Smaointe Gluaiseachta
Céimeanna beaga, gasta taistil le léimeanna éadroma agus castaí. Chun tosaigh, chun tosaigh, seicheamh ar gcúl agus ar gcúl. Luasc lámha ó thaobh go taobh.

1950í
Rac is Roll - 'Jailhouse Rock' agus 'All Shook Up' le hElvis Presley, 'That'll be the Day' le Buddy Holly and the Crickets agus 'Rock Around the Clock' le Bill Haley and the Comets.
Smaointe Gluaiseachta
Oibrigh amach gluaiseacht a d'fhóirfeadh do mhóitíf athfhillteach an cheoil agus ceangail í leis an chasadh i gcomhair seicheamh taistil. Spreag saorstíl dhamhsa le giotár aeir.

1960í
'Let's Twist Again' le Chubby Checker, 'Hard Day's Night' le The Beatles, 'Pretty Woman' le Roy Orbinson agus 'Good Vibrations' le The Beach Boys.
Smaointe Gluaiseachta
Cas ar an láthair: cosa i dtaca ar an talamh, agus glúine agus corróga ag luascadh ó thaobh go taobh. Cas suas agus síos, ag cromadh de réir a chéile agus ag díriú na gcos leis an chorp a ísliú agus a ardú.
Cas timpeall an urláir, leis an ghluaiseacht chéanna ach ag ligean isteach na gcos, ag luascadh ó thaobh go taobh.
Spreag na páistí le smaoineamh ar dhóigh leis na sciatháin a chur sa seicheamh. Measúnaigh a ngníomhú féin agus gníomhú daoine eile.

Smaoinigh ar imeacht fiontraíochta, mar shampla, eagrú tráthnóna 'Ceol ón Am a d'Imigh' agus na páistí cóirithe le damhsa a ghníomhú os comhair comhpháirtithe agus tuismitheoirí.

ÁISEANNA Leathanach 1

Curaclam Thuaisceart Éireann

An Saol Le Blianta Beaga Anuas

Áiseanna Digiteacha

Bogearraí TFC

Decisions 3
Encanta Encyclopaedia 2001
Encanta World Dictionary
First Workshop
Fresco
Information Magic
Interlinks
Multimedia Textease
My World for Windows
Pawprints
Slideshow
Talking First Word
Young Writers' Workshop

Suímh Idirlín Mholta

www.mtrs.co.uk (Music Teacher's Resource Site)

www.cmc.ie (Contemporary Music Centre, Ireland)

www.bbc.co.uk/ni/learning
(interactive material related to BBC programmes)

www.folkpark.com

www.magni.org.uk

www.1940.co.uk/history/sound.htm

www.bbc.co.uk/schools

www.ga.wikipedia.org (Wikipedia i nGaeilge)

www.ceim.gaa.ie/menranganna.html
(Nótaí do mhúinteoirí agus leathanaigh oibre ar ghnéithe éagsúla den churaclam)

www.ceim.gaa.ie/ardranganna.html
(Nótaí do mhúinteoirí agus leathanaigh oibre ar ghnéithe éagsúla den churaclam)

www.makebeliefscomix.com/ (Is féidir greannán a chumadh i nGaeilge ar an suíomh seo)

www.bbc.co.uk/cbeebies/boogiebeebies/world/
(Físeáin de dhamhsaí difriúla domhanda – i mBéarla)

www.learningni.net Staffroom → Gaelscolaíocht → Eochairchéim 2 → CEILIÚRAIMIS!
(Fiosrú ar na féilte éagsúla i dTuaisceart Éireann)

www.learningni.net Staffroom → Gaelscolaíocht → Eochairchéim 2 → AG FÁGÁIL AN BHAILE
(Fiosrú ar eisimirce ó Éire)

www.learningni.net Staffroom → Gaelscolaíocht → Eochairchéim 2 → AN FHEIRMEOIREACHT SAN AM ATÁ THART (Athrú ar an fheirmeoireacht le himeacht ama)

http://194.149.76.112/COGG/StuDentMaterials/stm.aspx?id=311
(Réimse mhaith nuachtlitreacha 'Euraka 2' ó COGG): 2.10 'An Crann Nollag', 2.15 'Bréagáin', 2.18 'Ceiliúradh'

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/114/gaeilge/
(Físeán ar 'Damhsa Sean-Nóis')

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/548/gaeilge/
(Físeán ar 'Róisín Elsafty' - amhránaíocht an tsean-nóis i gConamara)

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/448/gaeilge/ (Físeán ar 'Amhrán Sean-Nóis le hAoibhinn Ní Shúilleabháin')

www.bbc.co.uk/irish/articles/view/637/gaeilge/
(Físeán ar 'Tionscadal na Saimbia / Project Zambia – 6 fhíseán ar fad')

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/468/gaeilge/
(Físeán ar 'Havana'che' – ceol agus Damhsa ó Chúba)

www.bbc.co.uk/irish/articles/view/359/gaeilge/
(Físeán ar 'Oileán Thoraí')

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/453/gaeilge/
(Físeán ar 'Caisléan Bagenal' – seanchaisleán a fuarthas ar na mallaibh nuair a druideadh bacús.)

ÁISEANNA Leathanach 2

An Saol Le Blianta Beaga Anuas

Aíseanna Traidisiúnta

Leabhar/Áiseanna Teagaisc

Sing a Song and play it. [Tunes and songs for children.] Teacher's handbook,
Eithne Vallely (Armagh Pipers Club:1975)

Ireland's Cultural Heritage in Words and Music,
Elizabeth Quinn, BQ Publications

Granny's Jungle Garden,
Colin West (A&C Black:1999) ISBN: 9780713649819

Explore Music Through Poetry and Rhyme,
David Wheway and Shelagh Thomson (Oxford University Press:1993) ISBN:0193218704

Explore Music Through Stories,
David Wheway and Shelagh Thomson (Oxford University Press:1993) ISBN: 0193218682

Céim ar Chéim 6 – Mo Theaghlach, -
(An tÁisaonad) ISBN: 0790130084

Céim ar Chéim 11 – Búmaraing, -
(An tÁisaonad: 2004) ISBN: 0790130378

Céim ar Chéim 12 – Mar a cheapann an Coinín an Ghrian, - (An tÁisaonad: 2004) ISBN: 0790130432

Céim ar Chéim 13 – Mo Leabhar Féin, -
(An tÁisaonad: 2004) ISBN: 0790130467

Céim ar Chéim 16 – Ar Thóir na nDragan, -
(An tÁisaonad: 2004) ISBN: 0790130629

Céim ar Chéim 18 – Dialann Lus Gréine, -
(An tÁisaonad: 2005) ISBN: 0790130718

Céim ar Chéim 19 – Ag Feitheamh ar Fheithidí, -
(An tÁisaonad: 2005) ISBN: 0790130793

Céim ar Chéim 20 – Léigh Leat faoin Mhíorchat, -
(An tÁisaonad: 2005) ISBN: 0790130823

Réitigh É, - (An tÁisaonad: 2007) ISBN: 9780732747381

Daidí Áine, - (An tÁisaonad: 2008) ISBN: 0732748081

Rogha Gach Bia, - (An tÁisaonad: 2007)
ISBN: 9780732747459

Amelia Earhart, - (An tÁisaonad: 2008)
ISBN: 0732748142

Mistéir an Mary Celeste, - (An tÁisaonad: 2006)
ISBN: 032746671

Cogar Mé Seo Leat Arís 4, - (An Gúm: 2008)
ISBN: 1857917338

Luaithríona – I bhFad Níos Mó Ná Scéal, -
(An tÁisaonad: 2006) ISBN: 0732745489

Na Trí Ghabhar Ghrusacha – I bhFad Níos Mó Ná Scéal, - (An tÁisaonad: 2008) ISBN: 0732745454

An Stair Mórthimpeall Orm 3, - (EDCO: 2003)
ISBN: 095472335X

Clos/Amhairc (Téacsanna Meán)

'Rolling Back the Years' The World Around Us: The Way We Live (BBC television: 2004)

Dlúthdhiosca 1 agus 2, - (An Gúm: 2008)
ISBN: 9781857917376

Peigín Leitir Móir – Amhráin agus Rannta Traidisiúnta Gaeilge, - Tadhg Mac Dhonnagáin agus John Ryan (Futa Fata: 2005) ISBN: 9780955098376

A Stór is a Stóirín – Amhráin do Pháistí, -
Pádraigín Ní Uallacháin (Gael Linn)

Tíreolaíocht le Cormac agus Órla, -
CD ROM, (Fios Feasa 2005)

ÁISEANNA Leathanach 3

An Saol Le Blianta Beaga Anuas

Eagraíochtaí

Teagmhálacha Úsáideacha	Áiteanna Cuartaíochta
	Iarsmalann Uladh **Daonpháirc Uladh Mheiriceá**

Tugtar faoi deara gurb iad na háiseanne thuas na cinn a mhol na múinteoirí a raibh lámh acu i bhforbairt an SFN seo. Agus seo ag dul i gcló, tá na suímh ghréasáin mholta beo.

An Saol Le Blianta Beaga Anuas

Cur Le Forbairt Scileanna

Curaclam Thuaisceart Éireann

Ar fud na réimsí san SFN seo tá deiseanna le heispéiris a sholáthar a chuideodh le forbairt scileanna Cumarsáide, Úsáid na Matamaitice, Úsáid TFC agus Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta.

Úsáid na Matamaitice

- Úsáid bileog breathnuithe agus úsáid modhanna scóir le sonraí a bhailiú; aistrigh an t-eolas seo go tábla minicíochta;
- Tarraing agus lipéadaigh barrachairteacha ar aiseanna tugtha a éilíonn scálaí simplí;
- Taifead agus aimsigh sonraí agus úsáid TFC agus láithrigh an t-eolas ar dóigheanna éagsúla san áireamh, barrachairteacha, cothrománach agus ingearach, píchairteacha agus picteagraim;
- Cuir i gcomparáid na dóigheanna éagsúla léiriúcháin;
- Breac pointí ag úsáid comhordanáidí tugtha;
- Aithin comhordanáidí pointí tugtha;
- Tabhair agus tuig treoracha le casadh trí dhronuillinneacha ag úsáid ceithre hairde theanga an chompáis;
- Úsáid gléasanna in-ríomhchláraithe le gluaiseacht agus treo a thaiscéaladh;
- Léirigh tuiscint d'uillinn mar thomhas tiontaithe trí úsáid mar shampla gléis in-ríomhchláraithe mar Roamer;
- Taiscéal agus aithin patrúin ar fhéilire agus labhair ar dhátaí tábhachtacha;
- Bíodh líon na laethanta i ngach mí, bliain agus bliain bhisigh ar eolas.

Cumarsáid

- Pléigh réimse féideartha foinsí le heolas a aimsiú agus dóigheanna le hábhar oiriúnach a roghnú;
- Labhair agus éist le daoine eile chun idéanna úra a ghiniúint;
- Éist le agus freagair go cuí don mhéid a deir daoine eile;
- Úsáid réimse níos leithne teanga le labhairt ar smaointeoireacht agus ar fhoghlaim;
- Úsáid stór focal oiriúnach le smaointe, mothuithe agus samhluithe faoi eispéiris/imeachtaí a chur in iúl;
- Tabhair idéanna agus eolas cuí ar an ábhar agus an chuspóir;
- Labhair le muinín mhéadaitheach i réimse gnáthchásanna;
- Éist le agus freagair do chineálacha éagsúla ceisteanna;
- Seicheamhaigh a gcuid cainte i gcomhthéacsanna éagsúla agus ar chuspóirí éagsúla;
- Léigh le cuspóirí dearfacha chun cuidiú le tabhairt faoi thasc/ghníomhaíocht;
- Smaoinigh ar réimse féideartha foinsí le heolas a fháil agus a aimsiú;
- Léirigh feasacht éigin de struchtúr téacsanna agus den dóigh a dtig iad seo a úsáid le heolas a aimsiú;
- Roinn eolas a fuair/léigh siad le daoine eile, mionsonraí tacaithe éigin san áireamh;
- Smaoinigh ar mhodhanna simplí le heolas a chomhordú agus a thaifeadadh;
- Léirigh tuiscint trí chuid de phríomhphointí téacs, athinsinte agus sheicheamhaithe a aithint le beaichte éigin;
- Tosaigh a iontamhlú le carachtair, mothuithe, eispéiris, imeachtaí i réimse méadaitheach téacsanna;
- Labhair le daoine eile go measartha mion faoin mhéid a léadh/a chonacthas sa rang, ag nochtadh tuairimí agus ag éisteacht le tuairimí daoine eile;
- Tosaigh a leagan amach céimeanna soiléire roimh ré;
- Cinn ar fhoirm agus struchtúr an taisc le múinteoir/comhpháirtí;
- Le múinteoir/comhpháirtithe, tosaigh a bhunú chuspóir na scríbhneoireachta agus pléigh coincheap an lucht éisteachta;
- Tosaigh a ghiniúint idéanna le dianscrúdú nó roghnú ó eolas a sholáthair an múinteoir nó trí TFC;
- Tosaigh a úsáid foirme cuí, ag léiriú céille de struchtúr agus d'eagrú;
- Tosaigh a thaiscéaladh gnéithe éagsúla teanga agus láithrithe;
- Oibrigh (le nó gan aosaigh) i mbeirteanna, i ngrúpaí beaga nó mar rang iomlán le heolas nó idéanna a léiriú ar chúis a tugadh;
- Tosaigh a úsáid stór focal leathnaithigh le ciall a fheabhsú don léitheoir;
- Eagraigh réimse eolais agus idéanna le soiléire éigin.

An Saol Le Blianta Beaga Anuas

Cur Le Forbairt Scileanna

Úsáid TFC

- Cum agus eagraigh téacs ar scáileán le hidéanna a chur in iúl agus a fhorbairt;
- Roghnaigh agus úsáid íomhánna nó fuaimeanna oiriúnacha agus cuir téacs leo agus/nó a nguthú féin;
- Aimsigh, roghnaigh, eagraigh agus úsáid eolas ó réimse foinsí agus áiseanna tugtha digiteacha;
- Cruthaigh agus eagraigh téacs a nascann fuaim agus/nó grafaicí;
- Bailigh agus cuir isteach sonraí, á láithriú i bhfoirm ghrafach agus ag déanamh breathnuithe;
- Cuir obair i láthair agus in iúl ar dhóigheanna éagsúla ag léiriú feasachta do lucht éisteachta agus chuspoir;
- Déan agus eagraigh sraith threoracha le fadhbanna a fhuascailt ag úsáid gléasanna nó timpeallachtaí digiteacha.

Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta

Bainistiú Faisnéise: Fiafraigh ceisteanna is dírithe ag úsáid a smaointe féin agus cuid daoine eile le heolas a aithint agus a aimsiú. Ceangal gníomhaíochtaí anois le heolas a fuarthas. Tosú a phleanáil na gcéad chéimeanna eile, ag roinnt tascanna ina bhfothascanna agus ag beartú spriocanna.

Smaointeoireacht, Fadhbréiteach: Achoimriú le tuiscint a léiriú. Seicheamhú, ordú agus rangú ar thoisí éagsúla. Déanamh comparáidí agus ceangal. Tástáil tuarthaí agus lorg fianaise. Giniúint roghanna agus moladh fuascailtí ar fhadhbanna. Bheith córasach le linn taisc. Míniú modhanna agus tuairimí, tabhairt fáthanna le roghanna agus gníomhaíochtaí.

Bheith Cruthaitheach: Glacadh am le samhlaíocht a úsáid chun suilt. Léiriú fiosrachta, éisteacht le agus roinnt idéanna agus eispéireas. Giniúint idéanna agus roghanna, tógáil agus comhcheangal idéanna. Baint suilt as an neamhghnách, an ghnách agus an iontach. Eispéiris a bheith acu le hiomlán a gcéadfaí. Tástáil agus fiosrú cheisteanna san fhíor-shaol.

Ag Obair le Daoine Eile: Forbairt nósanna comhfhoghlama. Léiriú an chumas foghlama ó ghníomhaíochtaí comhroinnte agus múnlaithe. Éirí sciliúil ar shealaíocht, chomhroinnt agus chomhoibriú. Cinneadh ar an rud a chaithfear a dhéanamh agus gabháil freagrachta pearsanta as gnéithe den obair. Léiriú cothrom agus meas ar mhothuithe agus idéanna dhaoine eile.

Féin-Bhainistiú: Seiceáil go bhfuil siad ag cur cuspóra i gcrích trí labhairt ar a bhfuil siad a fhoghlaim. Seiceáil a gcuid oibre i gcomhair beachtais agus cruinnis. Feidhliú le tascanna. Athbhreithniú an dóigh a ndearnadh an obair agus gné éigin di a thiocfadh a fheabhsú. Tosú a oibriú i dtreo spriocanna pearsanta. Lorg cuidithe ó dhaoine eile. Forbairt feasachta ar a láidreachtaí agus a laigí pearsanta.

COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk
Rewarding Learning